An Coimisiún Eorpach

Treoir phraiticiúil maidir le húsáid Éicilipéad an Aontais i soláthar poiblí glas táirgí sláinteachais ionsúiteacha

PRÍOMHPHOINTÍ

- Is dhá ionstraim beartais Eorpacha iad Éicilipéad an Aontais agus SPG an Aontais ar féidir le soláthróirí poiblí iad a úsáid ar bhealach sineirgisteach trí chomharthaí soláthair agus éilimh a mheaitseáil chun an margadh a ghlasú.
- Faigheann soláthróirí comharthaí ginearálta éilimh le haghaidh táirgí níos glaise. Is minic, áfach, a bhíonn drogall ar sholáthróirí poiblí critéir ghlasa shonracha a lua i nglaonna ar iomaíocht mar gheall ar éiginnteacht faoi cad go díreach atá le hiarraidh agus faoi tháirgí comhlíontacha a bheith ar fáil ar an margadh.
- Cuidíonn na treoirlínte praiticiúla seo le soláthróirí sonraíochtaí teicniúla agus critéir dhámhachtana a dhréachtú i nglaonna ar sholáthar poiblí glas do tháirgí sláinteachais ionsúiteacha.
- Is féidir comhlíonadh chritéir mholta SPG an Aontais a fhíorú ach Éicilipéad an Aontais a lorg ar tháirgí agus, i gcásanna áirithe, éicilipéid ISO 14024 eile, cineál i a lorg ar tháirgí.

TREOIR THAPA - Tá na critéir chomhshaoil a mholtar dírithe ar an méid seo a leanas: (i) laíon clúimh, snáithín ceallalóis de dhéantús an duine, agus foinsiú agus próiseáil cadáis (ii) éifeachtúlacht ábhair agus an táirge deiridh á dhéanamh, agus (iii) pacáistíocht táirge.

Chun eolas níos mionsonraithe a fháil faoin réasúnaíocht is bun leis na critéir sin, féach na tuarascálacha gaolmhara ó JRC (Tuarascáil chúlra a ghabhann leis an treoir maidir le húsáid chritéir Éicilipéad an Aontais i soláthar poiblí glas táirgí ionsúiteacha sláinteachais [1], Réamhthuarascáil [2], Tuarascáil Theicniúil Deiridh [3]).

'Is é sprioc choiteann na mbeartas um SPG AE agus Éicilipéad an Aontais táirgí (earraí agus seirbhísí) a chur chun cinn ar lú a dtionchar ar an gcomhshaol ar feadh a saolré'

RÉAMHRÁ

Cúlra SPG an Aontais

Sainmhínítear Soláthar Poiblí Glas (SPG) sa Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach 'Soláthar poiblí ar mhaithe le comhshaol níos fearr' mar '*phróiseas trína bhféachann údaráis phoiblí le hearraí, seirbhísí agus oibreacha a sholáthar a mbeidh tionchar níos lú ar an gcomhshaol acu ar feadh a saolré i gcomparáid le hearraí, seirbhísí agus oibreacha a mbeadh an phríomhfheidhm chéanna acu agus a sholáthrófaí murach sin.'* Tá sraitheanna straitéisí oiliúna[1] ar fáil d'údaráis phoiblí chun cuidiú leo tuiscint a fháil ar smaointeoireacht straitéiseach, ar ghnéithe dlíthiúla, ar mheasúnú riachtanas agus ar conas dul i ngleic leis an margadh.

Méid an tsoláthair phoiblí san Aontas

Gach bliain, caitheann 250 000 údarás poiblí san Aontas thart ar 14 % d'Olltáirgeacht Intíre (OTI) an Aontais ar cheannach seirbhísí, oibreacha agus soláthairtí[2], ar fiú thart ar EUR 1.8 trilliún in aghaidh na bliana é[3]. Is féidir leis an earnáil phoiblí leas a bhaint as an soláthar poiblí chun borradh a chur faoi phoist, faoin bhfás agus faoin infheistíocht, agus chun geilleagar a chruthú atá níos nuálaí, níos éifeachtúla ar fhuinneamh agus níos ciorclaí.

Úsáid lipéad i soláthar poiblí

De réir Threoracha an Aontais maidir le Soláthar Poiblí (2014/24/AE agus 2014/25/AE), is féidir lipéid (mar shampla éicilipéid) a úsáid ag céimeanna éagsúla den phróiseas soláthair (mar shampla doiciméid a ullmhú, rannpháirtíocht sa mhargadh, meastóireacht a dhéanamh ar thairiscintí, agus measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh conartha don tairiscint bhuaiteach). Ag céimeanna na meastóireachta tairisceana agus an mheasúnaithe ar chomhlíonadh conartha, cuireann éicilipéid modh fíoraithe tríú páirtí ar fáil, rud a d'fhéadfadh cuidiú go mór le ham agus iarracht a shábháil agus cinntiú go gcuirtear ardchaighdeán comhshaoil i gconarthaí poiblí chun feidhme ag an am céanna.

Go ginearálta, is féidir lipéid a éileamh mar mhodh cruthúnais i gcleachtaí tairisceana fad a chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas (arna nglacadh as Airteagal 43 de Threoir 2014/24/AE agus Airteagal 61 de Threoir 2014/25/AE agus roinnt téacs breise curtha isteach idir lúibíní cearnacha [] ar mhaithe le soiléireacht):

a) ní bhaineann na ceanglais lipéid [a leagtar síos i gcritéir SPG] ach le critéir [cruthúnas ar chomhlíonadh] atá nasctha le hábhar an chonartha agus atá iomchuí chun saintréithe na soláthairtí nó na seirbhísí is ábhar don chonradh a shainiú;

b) tá na ceanglais lipéid bunaithe ar chritéir atá infhíoraithe go hoibiachtúil agus neamh-idirdhealaitheach;

c) bunaítear na lipéid i bpróiseas oscailte trédhearcach ina bhféadfaidh na páirtithe leasmhara ábhartha uile, amhail comhlachtaí rialtais, tomhaltóirí, comhpháirtithe sóisialta, déantóirí, dáileoirí agus eagraíochtaí neamhrialtasacha, a bheith rannpháirteach;

d) tá rochtain ag gach páirtí leasmhar ar na lipéid [is é sin, is féidir le déantóirí nó soláthraithe seirbhíse iarratas a dhéanamh ar an lipéad agus is féidir le húdaráis chonarthacha rochtain a fháil ar chritéir bhunúsacha an lipéid];

e) socraíonn tríú páirtí na ceanglais lipéid, páirtí nach féidir leis an oibreoir eacnamaíoch atá ag déanamh iarratas ar an lipéad tionchar cinntitheach a imirt air.

Na sineirgí idir Éicilipéad an Aontais agus SPG an Aontais

Ar bhealach comhchosúil le SPG an Aontais, is é is aidhm d'Éicilipéad an Aontais, mar a shainmhínítear i Rialachán (CE) Uimh. 66/2010 (CE, 2010) 'táirgí a chur chun cinn a mbeadh tionchar laghdaithe ar an gcomhshaol acu i gcaitheamh a saolré go léir' trí scéim dheonach dámhachtana éicilipéid chineál i ISO 14024. i gcás aon ghrúpa táirgí ar leith, aon uair a chinneann soláthróirí ceanglais a leagan síos bunaithe ar chritéir Éicilipéad an Aontais, tá beartas Éicilipéad an Aontais ar thaobh an tsoláthair ag obair in éineacht le beartas SPG an Aontais ar thaobh an éilimh chun an margadh a spreagadh i dtreo táirgí níos fearr ó thaobh feidhmíochta comhshaoil de.

Cuirtear i láthair sa treoir phraiticiúil seo roinnt critéar de chuid Éicilipéad an Aontais a mheastar a bheith ábhartha go háirithe maidir lena n-úsáid i soláthar poiblí glas táirgí sláinteachais ionsúiteacha, agus é mar aidhm leis sin na sineirgí a léirítear thíos a ghiniúint (féach **Fíor 1**).

Cineálacha critéar soláthair

Tá roinnt cineálacha éagsúla critéar soláthair ann, agus is iad seo a leanas na cinn is ábhartha maidir le ceanglais ghlasa:

1 Féach: https://ec.europa.eu/environment/gpp/toolkit_en.htm.
2 Féach: https://single-market-economy.ec.europa.eu/single-market/public-procurement_en.
3 Féach: https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/8c2da441-f63c-11e5-8529-01aa75ed71a1/language-en.

(i) **Sonraíochtaí Teicniúla,** ar ceanglais éigeantacha iad nach mór do GACH táirge ábhartha a chumhdaítear le glaoch ar iomaíocht a chomhlíonadh.

(ii) **Critéir Dhámhachtana,** ar féidir iad a úsáid mar cheanglais roghnacha bhreise a d'fhágfadh go mbeadh táirgí comhlíontacha níos iomaíche, ag brath ar an ualú a chuirtear i bhfeidhm ar na critéir dhámhachtana. In a lán cásanna, sonraítear dea-fheidhmíocht chomhshaoil mar chritéar dámhachtana.

(iii) **Coinníollacha Feidhmíochta Conartha,** ar rialacha éigeantacha iad maidir leis an gcaoi nach mór conradh a chur i gcrích. Ní bheidh aon tionchar acu ar dhámhachtain an chonartha agus ní féidir aon mhodh cruthúnais a iarraidh le linn chéim na tairisceana, ach baineann pionóis shoiléire agus iarmhairtí eile, mar shampla, cealú an chonartha, i gcás nach ndéantar iad a chomhlíonadh.

Chun eolas níos fearr a thabhairt ar chritéir ghlasa, is faoi na soláthróirí atá sé iad a shonrú i nglaonna ar thairiscintí agus níos mó a mhíniú fúthu do thairgeoirí féideartha trí chleachtaí rannpháirtíochta margaidh sula bhfoilseofar glaonna ar thairiscintí. Chun tuilleadh eolais a fháil faoi rannpháirtíocht sa mhargadh, féach modúl 6 de shraith straitéisí oiliúna SPG an Aontais[4].

Fíor 1 – An éifeacht shineirgisteach a bheartaítear a bheith ag Éicilipéad an Aontais agus beartais SPG an Aontais maidir le 'glasú' margaidh



Foinse: Trácht an JRC féin.

4 Féach sraith straitéisí uirlisí oiliúna SPG anseo: https://ec.europa.eu/environment/gpp/toolkit_en.htm.

RAON FEIDHME AGUS SAINMHÍNIÚ

Tagann na táirgí atá san áireamh faoi chritéir mholta SPG an Aontais sin faoi raon feidhme chritéir Éicilipéad an Aontais le haghaidh táirgí sláinteachais ionsúiteacha (Airteagal 1 de Cinneadh (AE) 2023/1809 ón gCoimisiún[5]), mar a chuirtear i láthair i d**Tábla 1**.

Tábla 1 – Táirgí atá san áireamh faoi chritéir SPG an Aontais atá molta

SAN ÁIREAMH	
Aon earra le haghaidh úsáid phríobháideach agus úsáid ghairmiúil araon a bhfuil sé mar fheidhm aige sreabháin dhaonna ar nós fuail, faecas, allais, sreabhán míosta nó bainne a ionsú agus a choinneáil.	• *Clúidíní;* • *áirgí cúraim neamhchoinneálachta, gan feistí leighis a áireamh;* • *Pillíní/tuáillí sláintíochta;* • *Pillíní brístín;* • *Súitíní;* • *Pillíní altranais (pillíní cíche).*
NACH BHFUIL SAN ÁIREAMH	
1. *Táirgí a thagann faoi raon feidhme* Rialachán (AE) 2017/745; 2. *Táirgí teicstíle.*	

Foinse: Trácht an JRC féin.

Cóid an Stóir Focal Chomhchoitinn um Sholáthar (CPV)

Nuair a fhoilsíonn soláthróirí glaoch ar iomaíocht, ba cheart cód CPV a úsáid agus cur síos á dhéanamh ar ábhar an ghlao. Dá bhrí sin, is fiú a sheiceáil conas atá táirgí a thiteann faoi raon feidhme chritéir Éicilipéad an Aontais laistigh d'ordlathas na gcód CPV a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 213/2008. Taispeánann **Tábla 2** na cóid CPV a fuarthas a bheith ar an chuid is mó a bhaineann le raon feidhme an ghrúpa táirgí.

Baineann na táirgí sláinteachais ionsúiteacha (dá ngairtear TSInna anseo feasta) le Rannán 33 (CPV 33000000-0) *Trealamh leighis, táirgí cógaisíochta agus táirgí cúraim phearsanta,* fo-ranna *táirgí cúraim pearsanta,* atá deighilte a thuilleadh i *dtáirgí cúraim leanaí agus i dtáirgí sláintíochta páipéir.* Ní aithníonn Rannán 33 fochatagóir shonrach le haghaidh táirgí neamhchoinneálachta.

Baineann seirbhís seachadta baile de tháirgí neamhchoinneálachta le Rannán 85: *Seirbhísí sláinte agus oibre sóisialta,* foroinn CPV 85142000-6 *Seirbhísí paraimhíochaine,* deighilte tuilleadh ina CPV 85142400-0 *Seachadadh baile táirgí neamhchoinneálachta.*

5 Féach: Cinneadh (AE) 2023/1809 ón gCoimisiún an 14 Meán Fómhair 2023 lena mbunaítear Critéir Éicilipéad an Aontais maidir le táirgí ionsúiteacha sláinteachais agus táirgí ionsúiteacha sláinteachais (IO L 234, 22.9.2023, lch. 142).

Tábla 2 – Cóid ábhartha CPV a bhféadfadh Éicilipéad an Aontais le haghaidh táirgí sláinteachais ionsúiteacha a bheith i gceist leo

Rannán 33: CPV 33000000-0 Trealamh leighis, cógaisíocht agus táirgí cúraim phearsanta	
CPV 33700000-7 Táirgí cúraim phearsanta	**CPV 33750000-2 Táirgí cúraim leanaí** CPV 33751000-9 Clúidíní indiúscartha CPV 33752000-6 Pillíní cíche
	CPV 33770000-8 Páipéar sláintíochta CPV 33771000-5 Táirgí páipéir sláintíochta CPV 33771100-6 Tuáillí sláintíochta nó súitíní CPV 33771200-7 Líneálacha naipcín páipéir
Rannán 85: CPV 85000000-9 Seirbhísí sláinte agus oibre sóisialta	
CPV 85100000-0 Seirbhísí sláinte	**CPV 85142000-6 Seirbhísí paraimhíochaine** CPV 85142400-0 Seachadadh baile táirgí neamhchoinneálachta

Foinse: Trácht an JRC féin.

Samplaí de sholáthar féideartha san fhíorshaol

D'fhéadfadh an soláthróir samplaí dea-chleachtais fíorshaoil a úsáid mar chabhair chun gnéithe an phróisis tairisceana a shainaithint lena n-ardaítear an t-éileamh ar táirgí 'glasa' agus lena gcabhraítear leis an margadh a aistriú i dtreo táirgí níos inbhuanaithe.

Trí bhearta den sórt sin a chur chun feidhme go comhsheasmhach, spreagfar 'an lucht gnímh agus déanta' chun tacú leis an gceannach glas agus próisis a chur chun feidhme atá in ann cleachtais soláthair inbhuanaithe a chur chun cinn. Trí cheannach glas a leabú i bpróisis nó i gcritéir, spreagtar nuálaíocht, inrianaitheacht sa slabhra soláthair agus bainistiú acmhainní agus claochlú inbhuanaithe á mhúnlú ag an am céanna ar leibhéal an táirgthe agus an tomhaltais. Tá tuilleadh eolais phraiticiúil faoin dea-chleachtas sa Soláthar Poiblí Glas le fáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht an Chomhshaoil[6] nó i mbróisiúr tiomnaithe[7].

Is dócha go sásóidh soláthar TSInna riachtanais na soláthraithe cúraim sláinte nó na gcomhlachtaí riaracháin poiblí araon, an tseirbhís cúraim baile phoiblí san áireamh.

Thairis sin, ceannóidh príosúin, naíscoileanna, scoileanna, saoráidí cúraim do mhná, agus aon bhunaíocht phoiblí eile TSInna freisin a bhféadfadh soláthar na dtáirgí míosta a bheith ag teastáil uathu – mar shampla – meaisíní, dáileoirí in ollscoileanna. D'fhéadfadh dáileadh TSInna saor in aisce a bheith mar chuid d'fheachtas tiomnaithe rialtais chun gníomhaíocht a dhéanamh in aghaidh bochtaineacht mhíosta nó/agus chun cearta comhionanna a éascú agus dínit a chinntiú chun rochtain a fháil ar tháirgí míosta, nó eile i gcás tubaistí nádúrtha.

Agus TSInna á soláthar, is é is dóichí go ndéanfaidh an riarachán an ceannach a ghrúpáil faoi luchtóga atá leabaithe i gcreatchonarthaí fairsinge. Léiríonn seiceáil randamach ar fhógraí conartha a foilsíodh ar an ardán Tenders Electronic Daily gur cur chuige láraithe a bhí i roinnt creatchonarthaí, mar shampla, creatchonradh arna sholáthar go lárnach (nó go réigiúnach) nuair atá an t-údarás conarthach ag ceannach thar ceann údaráis eile nó nuair a théann an ceannach ar aghaidh faoin tairiscint chomhpháirteach idir eintitis éagsúla ar nós ospidéil sa chathair nó sa réigiún céanna. Sa dá chás, ligeann sé sin do chomhlachtaí poiblí údaraithe (nó atá liostaithe san fhógra) tairbhe 'ar éileamh' a bhaint as an gCreat le linn na tréimhse ama sainithe (idir 12 mhí agus 24 mhí de ghnáth) gan timthriall(ta) soláthair breise. Bunaithe ar cheachtanna a foghlaimíodh ó na samplaí san fhíorshaol, soláthraíonn an soláthar láraithe earraí agus seirbhísí ar phraghsanna níos iomaíche, chomh maith le cuíchóiriú a dhéanamh ar na próisis riaracháin. I gcás na hearnála cúraim sláinte, is é is dóichí go mbaileoidh an comhlacht rialaithe [*údarás ospidéil um sholáthar poiblí]* na hiarrataí ceannaigh ó gach ceann de na heintitis (nó na fo-eintitis). Freastalaíonn an tsamhail soláthair seo ar riachtanais shonracha an chomhlachta fála chun ceannach 'a oireann do chách' a sheachaint, mar shampla, éileamh ar mhéid éagsúil de chlúidíní leanaí. Éileoidh an t-eagrúchán modheolaíoch comhar straitéiseach ar fud an eintitis, áfach. Chun na torthaí a bhfuil coinne leo a bhaint amach, ní mór tacú leis an gcéim phleanála trí chomhroinnt chomhoibríoch eolais agus acmhainneachta ar fud na ranna, na hinstitiúide nó aon roinn eile lena mbaineann, ón réamh-mheasúnú go forghníomhú an chonartha, is e sin, 'oibriú le chéile agus fórsaí a chur le chéile'.

TEOPHOINTÍ COMHSHAOIL

Cé is moite de shúitíní, is táirgí ilsraitheanna agus ilábhar casta iad TSInna indiúscartha ina bhfuil cuspóir ar leith ag gach sraith. De ghnáth déantar súitíní de réón atá cumaiscthe le snáithíní cadáis nó le cadás amháin. Léirítear go scéimreach i bh**Fíor 2** na céimeanna sreafa acmhainní agus saolré a bhaineann le táirgeadh TSInna - na próisis réamhtheachtacha, na croíphróisis agus na próisis iartheachtacha. Chun ábhair shonracha a dhéanamh (comhpháirteanna de tháirge deiridh), is féidir saolré an táirge i bhFíor 2 a léamh go hingearach, agus an saolré ag síneadh ó bharr go bun.

6 Féach: https://green-business.ec.europa.eu/green-public-procurement/good-practice-library_en.
7 Féach: https://circabc.europa.eu/ui/group/44278090-3fae-4515-bcc2-44fd57c1d0d1/library/1294d641-9e8c-482d-a8ff-fdde05dffd48?p=1&n=10&sort=name_ASC.

Fíor 2 – Forbhreathnú ar na príomhphróisis agus ar na príomhchéimeanna saolré chun táirgí sláinteachais ionsúiteacha a dhéanamh



Foinse: Trácht an JRC féin.

Is éard atá i gceist leis an bpróiseas réamhtheachtach amhábhair a fháil, a tháirgeadh agus a dháileadh chun ábhair ionchuir (bunábhar) a tháirgeadh a chuirtear ar aghaidh (a sheachadtar) chuig an gcroíphróiseas ina dhiaidh sin. Dá bhrí sin, tosaíonn slabhra luacha TSI le foinsiú agus próiseáil amhábhar (próisis réamhtheachtacha), rud a chuireann an méid is mó leis an tionchar ar an saolré. Is mar gheall ar úsáid fhorleathan acmhainní nádúrtha, leictreachais agus ceimiceán atá sé seo amhlaidh.

Déantar na hamhábhair ón gcéim réamhtheachtach a phróiseáil ina dtáirgí sláinteachais ionsúiteacha sa chroíphróiseas (táirgí deiridh a dhéanamh) i mbeagnach gach catagóir tionchair, níl i gcéim na déantúsaíochta ach cuid bheag den tionchar ar an gcomhshaol.

Mar chuid den phróiseas iartheachtach, dáileadh an táirge (ón láithreán táirgthe chuig an miondíoltóir agus ansin chuig an tomhaltóir deiridh) chomh maith le céim úsáide agus deireadh ré an táirge agus na pacáistíochta. Is iad astaíochtaí ó líonadh talún an táirge is cúis leis an deireadh ré den chuid is mó. Is féidir éifeachtaí an líonta talún a chúiteamh go páirteach ach athchúrsáil a dhéanamh ar an bpacáistíocht.

Ar an gcéad dul síos, chun tionchar foriomlán TSInna ar an gcomhshaol a laghdú, ba cheart díriú ar aghaidh a thabhairt ar na teophointí comhshaoil, feabhas a chur ar éifeachtúlacht próisis agus ar chiorclaíocht na n-amhábhar a úsáidtear, agus aisghabháil dramhaíola a uasmhéadú ag an gcéim réamhthomhaltais (próisis réamhtheachtacha agus croíphróisis araon), agus ábhar pacáistíochta a athúsáid/athchúrsáil ag deireadh ré an táirge. D'fhéadfadh forfheidhmiú breise beart éicidhearthóireachta, go háirithe sa phróiseas réamhtheachtach ina dtarlaíonn an chuid is mó de na tionchair ar an gcomhshaol, a bheith ina threochlár chun slabhra luacha TSInna a stiúradh i dtreo spriocanna an gheilleagair chiorclaigh.

Sa chiall sin, d'fhéadfadh Éicilipéad an Aontais mar aon le héicilipéid ábhartha ISO de chineál i eile treoir sheanbhunaithe a bheadh deimhnithe ag an tionscal a sholáthar.

TOGRA LE hAGHAIDH CEANGLAIS OIRIÚNACHA BUNAITHE AR ÉICILPÉAD AN AONTAIS MAIDIR LE CRITÉIR SPG AN AONTAIS

Rinneadh scagadh ar gach ceann de cheanglais Éicilipéad an Aontais maidir le táirgí ionsúiteacha sláinteachais, a bhunaítear le hIarscríbhinn I a ghabhann le *Cinneadh (AE) 2023/1809 ón gCoimisiún*, in aghaidh a oiriúnachta don úsáid mar chritéar SPG an Aontais i nglaonna ar iomaíocht. Sainaithníodh na cúig réimse critéar is oiriúnaí (a dtugtar aghaidh mhionsonraithe orthu le 10 sonraíocht theicniúla

agus naoi gcritéar dámhachtana) bunaithe ar an nasc atá acu le hábhar an chonartha soláthair, ar éascaíocht an fhíoraithe (*i gcásanna nach bhfuil aon Éicilipéad AE ann)* agus ar a ábhartha atá siad do theophointí comhshaoil.

Dá bhrí sin, d'fhéadfadh cur chuige SPG an Aontais maidir le príomhthionchair chomhshaoil TSInna a bhainistiú díriú ar na ranna téamacha is ábhartha agus is oiriúnaí seo a leanas:

1. Foinsiú agus déantúsaíocht laín clúimh (ag tagairt do na tionchair a bhaineann le próisis réamhtheachtacha chun snáithíní a fhoinsiú agus a phróiseáil);

2. Foinsiú agus déantúsaíocht snáithíní ceallalóis de dhéantús an duine (ag tagairt do na tionchair a bhaineann le próisis réamhtheachtacha chun snáithíní a fhoinsiú agus a phróiseáil);

3. Foinsiú agus déantúsaíocht cadáis agus snáithíní ceallalóis nádúrtha síl eile (ag tagairt do na tionchair a bhaineann le próisis réamhtheachtacha chun snáithín a fhoinsiú agus a phróiseáil);

4. Éifeachtúlacht ábhair i ndéantúsaíocht thuaradh laíon an táirge deiridh (ag tagairt do na tionchair a bhaineann le croíphróiseas táirgthe);

5. Pacáistíocht (ag tagairt don tionchar a bhaineann le próisis iartheachtacha).

Is féidir glacadh leis go huathoibríoch go gcomhlíonann aon TSI a bhfuil Éicilipéad an Aontais air critéir SPG uile an Aontais a mholtar sa treoir phraiticiúil seo.

Glacfaidh údaráis chonarthacha a éilíonn Éicilipéad an Aontais le gach lipéad a dhearbhaíonn go gcomhlíonann na hoibreacha, na soláthairtí nó na seirbhísí ceanglais choibhéiseacha.

Ach lipéid eile atá le húsáid mar mhodh fíoraithe coibhéiseach a aithint, déanfar an próiseas roghnúcháin a chuíchóiriú agus méadófar an sciar den mhargadh atá ag táirgí glasa oiriúnacha.

Déantar achoimre i d**Tábla 3** ar an tseiceáil choibhéiseachta le haghaidh critéir éagsúla arna mbunú ag scéimeanna comhshaoil a d'fhéadfaí a úsáid mar thagairt chun critéir SPG an Aontais a mholtar le haghaidh TSInna a fhíorú. Roghnaíodh na scéimeanna sin mar gheall ar a gcomhghaol le critéir Éicilipéad an Aontais agus mar gheall ar an úsáid fhorleathan a bhaintear astu san Eoraip. Ní liosta uileghabhálach é liosta na scéimeanna.

Is deimhnithe foraoiseachta go heisiach iad an Chomhairle um Maoirseacht ar Fhoraoisí (FSC) agus an Clár um Fhormhuiniú na nDeimhnithe Foraoisí (PEFC) agus mar sin níl siad i d**Tábla 3**.

I d**Tábla 3**, tá feidhm ag tic ghlas ('cumhdaithe') nuair a chlúdaítear go hiomlán leis na critéir arna mbunú le scéimeanna roghnaithe fíorú cheanglais SPG an Aontais atá beartaithe agus dá bhrí sin is féidir iad a úsáid go díreach mar chruthúnas ar chomhlíonadh gan fíorú breise. Nuair a bhíonn an tic oráiste, ciallaíonn sé go gclúdaítear go páirteach nó gur féidir gur clúdaíodh na critéir arna mbunú ag scéimeanna roghnaithe fíorú cheanglais SPG an Aontais atá beartaithe agus, dá bhrí sin, tá gá le tuilleadh measúnaithe. Ar deireadh, tá feidhm ag 'x' nuair nach gclúdaítear fíorú cheanglais SPG an Aontais atá beartaithe leis na critéir arna mbunú le scéimeanna roghnaithe.

Ní mór infheidhmeacht modhanna cruthúnais nó fianaise chomhlíontachta chuí eile a sheiceáil i gcónaí i ndáil leis na ceanglais a úsáidtear i dtairiscint.

Tábla 3 – Critéir SPG an Aontais atá beartaithe maidir le táirgí sláinteachais ionsúiteacha a fhíorú trí bhíthin scéimeanna éicilipéadaithe chineál i EN ISO 14024 (mar a bhí ó Mheán Fómhair 2024)

Critéir mholta SPG an Aontais	EU Ecolabel [1]	Nordic Ecolabel [2,3,4]	Blauer Engel [12]
LAÍON CLÚIMH			
Sonraíocht Theicniúil 1.1. FOINSIÚ LAÍN CLÚIMH	✓	✓	✓
Sonraíocht Theicniúil 1.2. TUARADH LAÍN CLÚIMH	✓	✓	✓
Critéar dámhachtana 1.1. Halaiginí asúite arna gceangal go horgánach (AOX)	✓	✓	✓[6]
Critéar dámhachtana 1.2. Éileamh ceimiceach ar ocsaigin (COD) astaíochtaí sulfair (S), NOx, agus fosfair (P)	✓	✓[7]	✓
Critéar dámhachtana 1.3. Astaíochtaí CO_2 ó tháirgeadh laín clúimh	✓	✓	×
Critéar dámhachtana 1.4. Tomhaltas fuinnimh le linn laíon clúimh a tháirgeadh	✓	✓[8]	✓
SNÁITHÍN CEALLALÓIS DE DHÉANTÚS AN DUINE			
TS2.1. FOINSIÚ SNÁITHÍNÍ CEALLALÓIS DE DHÉANTÚS AN DUINE	✓	✓	×
TS2.2. TUARADH LAÍN	✓	✓	×
Critéar dámhachtana 2.1.1. Halaiginí asúite arna gceangal go horgánach (AOX)	✓	✓	×
Critéar dámhachtana 2.1.2. Clóirín atá ceangailte go horgánach (OCl)	✓	✓	×
Critéar dámhachtana 2.2. Táirgeadh snáithín ceallalóis de dhéantús an duine	✓	✓	×
CADÁS AGUS SNÁITHÍNÍ CEALLALÓIS NÁDÚRTHA SÍL EILE			
Sonraíocht Theicniúil 3.1. FOINSIÚ CADÁIS AGUS SNÁITHÍN CEALLALÓIS NÁDÚRTHA SÍL EILE	✓	✓	✓
Sonraíocht Theicniúil 3.2. TUARADH CADÁIS NÓ SNÁITHÍN CEALLALÓIS NÁDÚRTHA SÍL EILE	✓	✓	✓
PRÓISEAS TÁIRGTHE			
Sonraíocht Theicniúil 4.1. ÉIFEACHTACHT ÁBHAR i nDÉANTÚSAÍOCHT AN TÁIRGE DEIRIDH.	✓	×	×
PACÁISTÍOCHT TÁIRGÍ			
Sonraíocht Theicniúil 5.1. CAIRTCHLÁR, AGUS/NÓ PÁIPÉAR A ÚSÁIDTEAR LE hAGHAIDH NA PACÁISTÍOCHTA	✓	✓	✓
Critéar dámhachtana 5.1. Plaisteach a úsáidtear sa phacáistíocht	✓	✓	✓
Sonraíocht Theicniúil 5.2. NEAMHÚSÁID ÁBHAIR ILCHODAIGH i BPACÁISTÍOCHT	✓	✓	✓
Critéar dámhachtana 5.2. In-athchúrsáilteacht	✓	✓	✓
Sonraíocht Theicniúil 5.3. EOLAS MAIDIR LE hÁBHAR ATHCHÚRSÁILTE AGUS IN-ATHCHÚRSÁILTEACHT AR PHACÁISTÍOCHT TÁIRGÍ	✓	✓	✓

✓ = Cumhdaithe;
✓ = cumhdaithe i bpáirt nó a d'fhéadfadh a bheith cumhdaithe/measúnú breise ag teastáil;
× = gan bheith cumhdaithe.

Foinse: JRC bunaithe ar CE 2023, Éicilipéadú Nordach 2016, Blue Angel 2021.

1 Féach: Cinneadh (AE) 2023/1809 ón gCoimisiún an 14 Meán Fómhair 2023 lena mbunaítear critéir Éicilipéad an Aontais maidir le táirgí ionsúiteacha sláinteachais agus cuacháin mhíosta in–athúsáidte (IO L 234, 22.9.2023, lch. 142).

2 Féach: Critéir an Éicilipéid Nordaigh le haghaidh Táirgí Páipéir – Bunmhodúil, (Leagan 3.1 • 5 Deireadh Fómhair 2020 – 31 Nollaig 2026, le fáil ag: https://www.nordic-swan-ecolabel.org/498c28/contentassets/7ead124e301748859ace02c8cbde539f/basic-module-3.1_005_tissue-paper-005_english.pdf.

3 Féach: Éicilipéadú Deireadh Fómhair le haghaidh táirgí páipéir – Bunmhodúl, leagan 2.7 • 05 Deireadh Fómhair 2020 - 31 Nollaig 2026, le fáil ag: https://www.nordic-swan-ecolabel.org/49ce38/contentassets/956d503409fb4a6bb1bb38762bb78da5/-basic-module-3.1_041_printing-companies-and-printed-matter-041_english.pdf.

4 Féach: Éicilipéadú Nordach le haghaidh Táirgí Sláintíochta, Leagan 6.10. 14 Meitheamh 2016 - 31 Nollaig 2026, le fáil ag: https://www.svanen.se/en/for-companies/criteria-application/sanitary-products-023/.

5 Féach: Clúidíní, táirgí sláinteachais do mhná agus táirgí neamhchoinneálachta atá neamhdhíobhálach don chomhshaol (táirgí sláinteachais ionsúiteacha, TSI) - DE-UZ 208, Bunchritéir dhámhachtana, Eanáir 2021, leagan 3, le fáil ag: https://www.blauer-engel.de/en/productworld/nappies-feminine-hygiene-and-incontinence-products.

6 Má dhéantar an laíon clúimh le cineál amháin laín (gan meascán laín), seachas sin níl sé coibhéiseach.

7 Má fhíoraítear an laíon in aghaidh Éicilipéadú Nordach le haghaidh Táirgí Páipéir – Bunmhodúl (v 3.0), seachas sin níl sé coibhéiseach.

8 Sa chás nach mó ná 2.5 suim na bpointí le haghaidh fuinnimh agus breosla, agus sa chás sin amháin, seachas sin, níl sí coibhéiseach.

CRITÉIR MHOLTA SPG AN AONTAIS

Cuirtear eolas ar fáil sa roinn seo maidir le critéir mholta SPG an Aontais atá bunaithe ar chritéir Éicilipéad an Aontais le haghaidh TSInna.

Más spéis leat tuilleadh a fhoghlaim faoi réasúnaíochtaí teicniúla a thacaíonn le roghnú chritéir SPG an Aontais, féach an Tuarascáil chúlra d'údaráis a dhámhann conarthaí poiblí, bunaithe ar chritéir Éicilipéad an Aontais. Cuirtear eolas ar fáil sa tuarascáil freisin maidir leis na seiceálacha fíoraithe agus coibhéise le haghaidh Éicilipéid chineál i a úsáidtear go coitianta san Aontas.

Déantar moltaí SPG an Aontais i bhfoirm sonraíochtaí teicniúla agus critéir dhámhachtana a ghrúpáil i rannáin théamacha. Cuirtear modhanna fíoraithe agus seiceáil choibhéiseachta le chéile agus cuirtear i láthair iad ag deireadh gach rannáin.

RÉIMSE CRITÉAR 1: LAÍON CLÚIMH

Sonraíocht Theicniúil 1.1. Foinsiú laín clúimh

Déanfar an laíon clúimh uile (100 %) a úsáidtear i dtáirge a fhoinsiú go dleathach agus cumhdófar é le deimhnithe bailí um Líne Chúraim arna n-eisiúint ag scéim deimhniúcháin neamhspleách tríú páirtí, mar shampla, an Chomhairle um Maoirseacht Foraoisí (FSC), Clár um Fhormhuiniú na nDeimhnithe Foraoisí (PEFC) nó a gcoibhéis.

Cumhdófar 70 % ar a laghad den amhábhar adhmaid a úsáidtear chun laíon clúimh a tháirgeadh le deimhniú bailí um Bainistiú Inbhuanaithe ar Fhoraoisí arna eisiúint ag scéim deimhniúcháin neamhspleách tríú páirtí ar nós FSC, PEFC nó a gcoibhéis.

Na comhlachtaí deimhniúcháin a eisíonn deimhnithe foraoise agus/nó deimhnithe um líne chúraim, déanfaidh an scéim deimhniúcháin sin iad a chreidiúnú nó iad a

aithint. Mura bhfuil lipéad riachtanach ná lipéad coibhéiseach ar an laíon clúimh, ní mór modhanna cruthúnais coibhéiseacha eile a sholáthar.

Sonraíocht Theicniúil 1.2. Tuaradh laín clúimh

Beidh an laíon clúimh a úsáidtear sa táirge sláinteachais ionsúiteach saor ó chlóirín eiliminteach nó tuartha go hiomlán saor ó chlóirín.

Ní úsáidfear gás clóirín mar thuarthóir.

Critéar dámhachtana 1.1. Halaiginí asúite arna gceangal go horgánach (AOX)

Tabhair faoi deara: Tagraíonn an critéar seo do laíon atá saor ó chlóirín eiliminteach . Comhlíonann laíon atá go hiomlán saor ó chlóirín an ceanglas seo go huathoibríoch.

Bronnfar X pointe i gcás ina léireofar go gcomhlíonann tuaradh laíon saor ó chlóirín eiliminteach le haghaidh gach laín a úsáidtear i dtáirge uasluach astaíochtaí AOX i gcomhréir le critéar 1.2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (AE) 2023/1809 ón gCoimisiún.

Critéar dámhachtana 1.2. Éileamh ceimiceach ar ocsaigin (COD) astaíochtaí sulfair (S), NOx, agus fosfair (P)

Bronnfar X pointe i gcás ina léireofar go gcomhlíonann an próiseas déanta laín clúimh teorainneacha uasta astaíochtaí COD, S, NOx, agus P san aer agus san uisce i gcomhréir le critéar 1.3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (AE) 2023/1809 ón gCoimisiún.

Critéar dámhachtana 1.3. Astaíochtaí CO_2 ó tháirgeadh laín clúimh

Bronnfar pointí X i gcás ina léireofar go gcomhlíonann an próiseas déantúsaíochta laín clúimh uasluachanna astaíochtaí CO_2 i gcomhréir le critéar 1.4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (AE) 2023/1809 ón gCoimisiún.

Critéar dámhachtana 1.4. Tomhaltas fuinnimh le linn laíon clúimh a tháirgeadh

Bronnfar X pointe i gcás ina léireofar go gcomhlíonann an fuinneamh a úsáidtear chun laíon clúimh a tháirgeadh an t-uastomhaltas fuinnimh (leictreachas agus breosla) i gcomhréir le critéar 1.5 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (AE) 2023/1809 ón gCoimisiún.

Fíorú:

Maidir le táirgí sláinteachais ionsúiteacha, ar dámhadh Éicilipéad an Aontais orthu i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (AE) 2023/1809 ón gCoimisiún, measfar go gcomhlíonann siad an ceanglas.

Mar mhalairt air sin, dearbhóidh an tairgeoir gur deimhníodh an táirge sláinteachais ionsúiteach le scéim lipéadaithe eile arna hoibriú ag tríú páirtí lena ndeimhnítear go gcomhlíontar ceanglais choibhéiseacha Éicilipéad an Aontais [(1)].

Mura bhfuil lipéad riachtanach ná lipéad coibhéiseach ar an táirge sláinteachais ionsúiteach, ní mór modh cruthúnais coibhéiseach eile a chur ar fáil.

*[(1)] I gcás **Shonraíocht Theicniúil 1.1.**, ciallaíonn coibhéis seiceáil ar chomhlíonadh agus a léiriú go gcomhlíonann nó go sáraíonn an laíon clúimh a úsáidtear agus táirge sláinteachais ionsúiteach nach táirge de chuid Éicilipéad an Aontais é á dhéanamh na ceanglais mar a luaitear i gcritéar 1.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (AE) 2023/1809 ón gCoimisiún.*

Agus é seo á scríobh (Meán Fómhair 2024), tá an méid seo a leanas san áireamh maidir leis na scéimeanna atá coibhéiseach cuí arna n-oibriú ag tríú páirtí agus a sainaithníodh: FSC, PEFC, agus Blue Angel DE-UZ 208 (v3, Eanáir 2021).

*[(1)] I gcás **Shonraíocht Theicniúil 1.2. agus Chritéar dámhachtana 1.1.**, ciallaíonn coibhéis seiceáil ar chomhlíonadh agus a léiriú go gcomhlíonann nó go sáraíonn an laíon clúimh a úsáidtear agus táirge sláinteachais ionsúiteach nach táirge de chuid Éicilipéad an Aontais é á dhéanamh na ceanglais mar a shonraítear i gcritéar 1.2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (AE) 2023/1809 ón gCoimisiún.*

*I gcás **Shonraíocht Theicniúil 1.2.**, agus é seo á scríobh (Meán Fómhair 2024), tá Éicilipéadú Nordach le haghaidh Táirgí Sláintíochta (v.6.9, Meitheamh 2016) agus Blue Angel DE-UZ 208 (v.3, Eanáir 2021) i measc scéimeanna deimhniúcháin tríú páirtí atá coibhéiseach cuí.*

*Maidir le **Critéar dámhachtana 1.1.**, agus é seo á scríobh (Meán Fómhair 2024), níl aon lipéad ann atá coibhéiseach go hoiriúnach. D'fhéadfaí glacadh le Blue Angel DE-UZ 208 (v.3., Eanáir 2021), áfach, mar scéimeanna tríú páirtí atá coibhéiseach cuí ar choinníoll nach n-úsáidtear ach cineál amháin laín i ndéantúsaíocht laín clúimh.*

*[(1)] I gcás **Chritéar dámhachtana 1.2.**, ciallaíonn coibhéis seiceáil ar chomhlíonadh agus a léiriú go gcomhlíonann nó go sáraíonn astú chuig uisce agus aer agus táirgí sláinteachais ionsúiteacha nach táirgí de chuid Éicilipéid AE iad á ndéanamh na ceanglais mar a shonraítear i gcritéar 1.3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (AE) 2023/1809 ón gCoimisiún. San áireamh sa tseiceáil ar chomhlíonadh, beidh déantúsaíocht laín agus laín clúimh, próiseas, is é sin, le haghaidh táirgeadh neamh-chomhtháite laín agus páipéir, ba cheart don fhíorú aghaidh a thabhairt ar leithligh ar an bpróiseas laíonála agus ar an bpróiseas déanta laín clúimh. Maidir le próiseas táirgthe comhtháite, is leor fíorú comhcheangailte.*

*I gcás **Chritéar dámhachtana 1.2.**, agus é seo á scríobh (Meán Fómhair 2024), tá an tÉicilipéad Nordach le haghaidh Táirgí Sláintíochta (v.6.9., mí an Mheithimh 2016) san áireamh sa scéim tríú páirtí atá coibhéiseach cuí ach sin amháin má léitear in éineacht le hÉicilipéadú Nordach do Tháirgí Páipéir í – Modúl Bunúsach (v 3.0). Ba cheart glacadh le coibhéis Blue Angel DE-UZ 208 (v.3) bunaithe ar anailís cás ar chás.*

*(1) I gcás **Chritéar dámhachtana 1.3.**, ciallaíonn coibhéis seiceáil ar chomhlíonadh agus a léiriú go gcomhlíonann nó go sáraíonn astaíocht CO_2 agus táirge sláinteachais ionsúiteach nach táirge de chuid Éicilipéad an Aontais é á dhéanamh na ceanglais mar a luaitear i gcritéar 1.4 d'Iarscríbhinn i a ghabhann le Cinneadh (AE) 2023/1809 ón gCoimisiún. San áireamh sa tseiceáil ar chomhlíonadh, beidh déantúsaíocht laín agus páipéir, próiseas, is é sin, le haghaidh táirgeadh neamh-chomhtháite laín agus laín clúimh, ba cheart don fhíorú aghaidh a thabhairt ar leithligh ar an bpróiseas laíonála agus ar an bpróiseas déanta laín clúimh. Maidir le próiseas táirgthe comhtháite, is leor fíorú comhcheangailte.*

*I gcás **Chritéar dámhachtana 1.3.**, agus é seo á scríobh (Meán Fómhair 2024), níor sainaithníodh aon lipéad atá coibhéiseach cuí.*

*(1) I gcás **Chritéar dámhachtana 1.4.**,* ciallaíonn *coibhéis seiceáil ar chomhlíonadh agus a léiriú go gcomhlíonann nó go sáraíonn an tomhaltas fuinnimh agus táirge sláinteachais ionsúiteach nach táirge de chuid Éicilipéad an Aontais é á dhéanamh na ceanglais mar a luaitear i gcritéar 1.5 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (AE) 2023/1809 ón gCoimisiún. San áireamh sa tseiceáil ar chomhlíonadh, beidh déantúsaíocht laín agus páipéir, próiseas, is é sin, le haghaidh táirgeadh neamh-chomhtháite laín agus páipéir, ba cheart don fhíorú aghaidh a thabhairt ar leithligh ar an bpróiseas laíonála agus ar an bpróiseas déanta laín clúimh. Maidir le próiseas táirgthe comhtháite, is leor fíorú comhcheangailte.*

*I gcás **Chritéar dámhachtana 1.4.**, agus é seo á scríobh (Meán Fómhair 2024), tá Éicilipéadú Nordach le haghaidh táirgí Sláintíochta san áireamh sa scéim choibhéiseach tríú páirtí (v.6.9. Meitheamh 2016) i gcás nach mó ná 2.5 (i gcomhréir le critéar EUEL 1.5) suim na bpointí le haghaidh fuinnimh agus breosla, agus sa chás sin amháin. Ba cheart glacadh le coibhéis Blue Angel DE-UZ 208 (v.3) bunaithe ar anailís cás ar chás.*

RÉIMSE CRITÉAR 2: SNÁITHÍNÍ CEALLALÓIS DE DHÉANTÚS AN DUINE

Sonraíocht Theicniúil 2.1. Foinsiú snáithíní ceallalóis de dhéantús an duine

Maidir le laíon tuaslagtha a tháirgtear as amhábhar adhmaid

Déanfar an laíon tuaslagtha uile (100 %) a úsáidtear i dtáirge a fhoinsiú go dleathach agus cumhdófar é le deimhnithe bailí um Líne Chúraim arna n-eisiúint ag scéim deimhniúcháin neamhspleách tríú páirtí, mar shampla, an Chomhairle um Maoirseacht Foraoisí (FSC), Clár um Fhormhuiniú na nDeimhnithe Foraoisí (PEFC) nó a gcoibhéis.

Cumhdófar 70 % ar a laghad den amhábhar adhmaid a úsáidtear chun laíon tuaslagtha a tháirgeadh le deimhniú bailí um Bainistiú Inbhuanaithe ar Fhoraoisí arna eisiúint ag scéim deimhniúcháin neamhspleách tríú páirtí ar nós FSC, PEFC nó a gcoibhéis.

Na comhlachtaí deimhniúcháin a eisíonn deimhnithe foraoise agus/nó deimhnithe um líne chúraim, déanfaidh an scéim deimhniúcháin sin iad a chreidiúnú nó iad a aithint.

Maidir le laíon tuaslagtha a tháirgtear ó chlúmh cadáis

Comhlíonfaidh gach snáithín cadáis agus gach snáithín ceallalóis nádúrtha síl eile ceanglais na sonraíochta teicniúla de Shonraíocht Theicniúil 3.1.

Sonraíocht Theicniúil 2.2. Tuaradh snáithín ceallalóis de dhéantús an duine

Maidir leis an laíon a úsáidfear chun snáithín ceallalóis de dhéantús an duine a dhéanamh, ar snáithín é a úsáidtear sa táirge sláinteachais ionsúiteach, beidh sé saor ó chlóirín eiliminteach nó tuartha go hiomlán saor ó chlóirín.

Ní úsáidfear gás clóirín mar thuarthóir.

Critéar dámhachtana 2.1. Halaiginí orgánacha

Tabhair faoi deara: Ní thagraíonn an critéar seo ach do laíon atá saor ó chlóirín eiliminteach . Comhlíonann laíon atá go hiomlán saor ó chlóirín an ceanglas seo go huathoibríoch.

1) Bronnfar X pointe i gcás ina léireofar go gcomhlíonann tuaradh laíon saor ó chlóirín eiliminteach le haghaidh gach laín a úsáidtear chun snáithíní ceallalóis de dhéantús an duine a dhéanamh teorainn astaíochta le haghaidh halaiginí asúite arna gceangal go horgánach (AOX) i gcomhréir le critéar 2.2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (AE) 2023/1809 ón gCoimisiún.

2) Bronnfar X pointe i gcás ina léireofar go gcomhlíonann tuaradh laíon saor ó chlóirín eiliminteach le haghaidh gach laín a úsáidtear chun snáithíní ceallalóis de dhéantús an duine a dhéanamh tairseacha maidir le cion clóirín atá ceangailte go horgánach (OCI) i gcomhréir le critéar 2.2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (AE) 2023/1809 ón gCoimisiún.

Critéar dámhachtana 2.2. Táirgeadh snáithín ceallalóis de dhéantús an duine

1) Bronnfar X pointe i gcás ina léireofar próiseas déantúsaíochta snáithíní ceallalóis de dhéantús an duine go bhfuarthas níos mó ná 50 % den laíon tuaslagtha a úsáideadh sa phróiseas ó mhuilte laín tuaslagtha a aisghabhann luach óna licéar próisis spíonta trí leictreachas agus/nó gal a ghiniúint ar an láthair nó trí chomhtháirgí ceimiceacha a dhéanamh mar a shonraítear i gcritéar 2.3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (AE) 2023/1809 ón gCoimisiún.

2) Bronnfar X pointe i gcás ina léireofar go gcomhlíonann an próiseas déantúsaíochta vioscóis agus módal uasluachanna astaíochtaí i gcomhréir le critéar 2.3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (AE) 2023/1809 ón gCoimisiún.

Fíorú:

Maidir le táirgí sláinteachais ionsúiteacha, ar dámhadh Éicilipéad an Aontais orthu de réir Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (AE) 2023/1809 ón gCoimisiún, measfar go gcomhlíonann siad an ceanglas.

Mar mhalairt air sin, dearbhóidh an tairgeoir gur deimhníodh an táirge sláinteachais ionsúiteach le scéim lipéadaithe eile arna hoibriú ag tríú páirtí lena ndeimhnítear go gcomhlíontar ceanglais choibhéiseacha Éicilipéad an Aontais [(1)].

Mura bhfuil lipéad riachtanach ná lipéad coibhéiseach ar an táirge sláinteachais ionsúiteach, ní mór modh cruthúnais coibhéiseach eile a chur ar fáil.

*[(1)] I gcás **Shonraíocht Theicniúil 2.1.**, ciallaíonn coibhéis seiceáil ar chomhlíonadh agus a léiriú go gcomhlíonann nó go sáraíonn an laíon tuaslagtha a úsáidtear agus táirgí sláinteachais ionsúiteacha nach táirgí de chuid Éicilipéad an Aontais iad á ndéanamh ceanglais chritéar 2.1 maidir le hamhábhar adhmaid, agus critéar 3.1 maidir le clúmh cadáis, de réir mar is infheidhme, i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (AE) 2023/1809 ón gCoimisiún.*

*I gcás **Shonraíocht Theicniúil 2.1.** chun amhábhar adhmaid a fhoinsiú chun laíon tuaslagtha a dhéanamh, agus é seo á scríobh (Meán Fómhair 2024), beidh FSC agus PEFC san áireamh sna scéimeanna arna n-oibriú ag tríú páirtí atá coibhéiseach cuí agus a sainaithníodh.*

*[(1)] I gcás **Shonraíocht Theicniúil 2.2. agus Chritéar dámhachtana 2.1.**, ciallaíonn coibhéis seiceáil ar chomhlíonadh agus a léiriú go gcomhlíonann nó go sáraíonn an laíon tuaslagtha a úsáidtear agus táirge sláinteachais ionsúiteach nach táirge de chuid Éicilipéad an Aontais é á dhéanamh na ceanglais mar a shonraítear i gcritéar 2.2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (AE) 2023/1809 ón gCoimisiún.*

*I gcás **Shonraíocht Theicniúil 2.1.**, agus é seo á scríobh (Meán Fómhair 2024), beidh Éicilipéadú Nordach le haghaidh Táirgí Sláintíochta san áireamh sna scéimeanna deimhniúcháin tríú páirtí atá coibhéiseach cuí agus a sainaithníodh (v.6.9, Meitheamh 2016).*

*I gcás **Chritéar dámhachtana 2.1.1.**, agus é seo á scríobh (Meán Fómhair 2024), níor sainaithníodh aon lipéad mar choibhéisí oiriúnacha.*

*I gcás **Chritéar dámhachtana 2.1.2.**, agus é seo á scríobh (Meán Fómhair 2024), beidh Éicilipéadú Nordach le haghaidh Táirgí Sláintíochta san áireamh sna scéimeanna deimhniúcháin tríú páirtí atá coibhéiseach cuí agus a sainaithníodh (v.6.9, Meitheamh 2016).*

*[(1)] I gcás **Chritéar dámhachtana 2.2.**, ciallaíonn coibhéis seiceáil ar chomhlíonadh agus a léiriú go gcomhlíonann nó go sáraíonn snáithín ceallalóis de dhéantús an duine a úsáidtear agus táirgí sláinteachais ionsúiteacha nach táirgí de chuid Éicilipéad an Aontais iad á ndéanamh ceanglais chritéar 2.3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (AE) 2023/1809 ón gCoimisiún.*

*I gcás **Chritéar dámhachtana 2.2.**, agus é seo á scríobh (Meán Fómhair 2024), níor sainaithníodh aon lipéad mar choibhéisí oiriúnacha.*

RÉIMSE CRITÉAR 3: CADÁS NÓ SNÁITHÍN CEALLALÓIS NÁDÚRTHA SÍL EILE

Sonraíocht Theicniúil 3.1. Foinsiú cadáis agus snáithín ceallalóis nádúrtha síl eile

Beidh gach snáithín cadáis agus gach snáithín ceallalóis nádúrtha síl eile inrianaithe agus fásfar é de réir na gceanglas a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle[8] agus i Rialachán (AE) 2018/848[9] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, i gClár Náisiúnta Orgánach (NOP[10] na Stát Aontaithe nó de réir oibleagáidí dlíthiúla coibhéiseacha arna leagan síos ag comhpháirtithe trádála an Aontais Eorpaigh.

Féadfar cadás a fhástar go horgánach agus cadás orgánach idirthréimhseach a áireamh sa chion cadáis orgánaigh.

8 Féach: Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle an 28 Meitheamh 2007 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2092/91 (IO L 189, 20.7.2007, lch. 1).

9 Féach: Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle (IO L 150, 14.6.2018, lch. 1).

10 Clár Náisiúnta Orgánach, Riail ón tSeirbhís Margaíochta Talmhaíochta an 12.21.2000, 65 FR 80547.

Sonraíocht Theicniúil 3.2. Tuaradh cadáis nó snáithín ceallalóis nádúrtha síl eile

Déanfar snáithíní cadáis agus snáithíní ceallalóis nádúrtha síl eile a úsáidtear i dtáirge a thuaradh trí theicnící atá go hiomlán saor ó chlóirín i gcomhréir le critéar 3.2. d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (AE) 2023/1809 ón gCoimisiún.

Fíorú:

Maidir le táirge sláinteachais ionsúiteach ar dámhadh Éicilipéad an Aontais air de réir Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (AE) 2023/1809 ón gCoimisiún, measfar go gcomhlíonann sé an ceanglas.

Mar mhalairt air sin, dearbhóidh an tairgeoir gur deimhníodh an táirge sláinteachais ionsúiteach le scéim lipéadaithe eile arna hoibriú ag tríú páirtí lena ndeimhnítear go gcomhlíontar ceanglais choibhéiseacha Éicilipéad an Aontais [(1)].

Mura bhfuil lipéad riachtanach ná lipéad coibhéiseach ar an táirge sláinteachais ionsúiteach, ní mór modh cruthúnais coibhéiseach eile a chur ar fáil.

*[(1)] I gcás **Shonraíocht Theicniúil 3.1. agus Shonraíocht Theicniúil 3.2.**, ciallaíonn coibhéis seiceáil ar chomhlíonadh agus a léiriú go gcomhlíonann nó go sáraíonn cadás agus snáithín ceallalóis nádúrtha síl eile a úsáidtear agus táirgí sláinteachais ionsúiteacha nach táirgí de chuid Éicilipéad an Aontais iad á ndéanamh le haghaidh Shonraíocht Theicniúil 3.1 - ceanglais chritéar 3.1., agus i gcás Shonraíocht Theicniúil 3.2 - ceanglais chritéar 3.2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (AE) 2023/1809 ón gCoimisiún.*

*I gcás **Shonraíocht Theicniúil 3.1.**, agus é seo á scríobh (Meán Fómhair 2024), áirítear iad seo a leanas ar scéimeanna a shainaithnítear atá coibhéiseach cuí arna n-oibriú ag tríú páirtí: Éicilipéadú Nordach (v.6.9., Meitheamh 2016) agus Blue Angel DE-UZ 208 (v.3, Eanáir 2021).*

*I gcás **Shonraíocht Theicniúil 3.2.**, agus é seo á scríobh (Meán Fómhair 2024), beidh Blue Angel DE-UZ 208 (v.3, Eanáir 2021) san áireamh i scéim arna hoibriú ag tríú páirtí atá coibhéiseach cuí.*

RÉIMSE CRITÉAR 4: PRÓISEAS TÁIRGTHE

Sonraíocht Theicniúil 4.1. Éifeachtúlacht ábhar i monarú an táirge deiridh

Ag an láithreán cóimeála deiridh, maidir leis an dramhaíl a ghintear le linn dhéantús agus phacáistiú na dtáirgí sláinteachais ionsúiteacha agus a chuirtear chuig líonadh talún nó a loisctear gan aisghabháil fuinnimh, ní bheidh sí níos mó ná an méid seo a leanas:

(a) 8 % de mheáchan na dtáirgí deiridh i gcás súitíní;

(b) 4 % de mheáchan na dtáirgí deiridh i gcás na dtáirgí eile uile.

Fíorú:

Maidir le táirge sláinteachais ionsúiteach ar dámhadh Éicilipéad an Aontais air de réir Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (AE) 2023/1809 ón gCoimisiún, measfar go gcomhlíonann sé an ceanglas.

Mar mhalairt air sin, dearbhóidh an tairgeoir gur deimhníodh an táirge sláinteachais ionsúiteach le scéim lipéadaithe eile arna hoibriú ag tríú páirtí lena ndeimhnítear go gcomhlíontar ceanglais choibhéiseacha Éicilipéad an Aontais [(1)].

Mura bhfuil lipéad riachtanach ná lipéad coibhéiseach ar an táirge sláinteachais ionsúiteach, ní mór modh cruthúnais coibhéiseach eile a chur ar fáil.

*[(1)] I gcás **Shonraíocht Theicniúil 4.1.**, ciallaíonn coibhéis seiceáil ar chomhlíonadh agus a léiriú go gcomhlíonann nó go sáraíonn éifeachtúlacht ábhair agus táirgí sláinteachais ionsúiteacha deiridh nach táirgí de chuid Éicilipéad an Aontais iad á ndéanamh ceanglais chritéar 6 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (AE) 2023/1809 ón gCoimisiún.*

*I gcás **Shonraíocht Theicniúil 4.1.**, agus é seo á scríobh (Meán Fómhair 2024), níor sainaithníodh aon scéim arna hoibriú ag tríú páirtí atá coibhéiseach cuí.*

RÉIMSE CRITÉAR 5: PACÁISTÍOCHT

Sonraíocht Theicniúil 5.1. Cairtchlár, agus/nó páipéar a úsáidtear le haghaidh na pacáistíochta

Maidir le pacáistíocht díolacháin a dhéantar as cairtchlár agus/nó as páipéar, beidh 40 % di ar a laghad ina hábhar athchúrsáilte.

Maidir le pacáistíocht díolacháin a dhéantar as cairtchlár agus/nó as páipéar, beidh 80 % di ar a laghad ina hábhar athchúrsáilte.

Déanfar an sciar eile (100 % lúide céatadán an ábhair athchúrsáilte) de chairtchlár agus/nó de pháipéar a úsáidtear le haghaidh na pacáistíochta díolacháin agus grúpáilte a dheimhniú le scéim deimhniúcháin tríú páirtí neamhspleách ar nós FSC, PEFC nó a gcoibhéis.

Critéar dámhachtana 5.1. Plaisteach a úsáidtear sa phacáistíocht

Bronnfar X pointe i gcás ina léireofar go gcomhlíonann an t-ábhar plaisteach a úsáidtear sa phacáistíocht díolacháin íosmhéid ábhair athchúrsáilte i gcomhréir le

critéar 8(b) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (AE) 2023/1809 ón gCoimisiún.

Sonraíocht Theicniúil 5.2. Neamhúsáid ábhair ilchodaigh i bpacáistíocht

Seachnófar an phacáistíocht ghrúpáilte nó déanfar as cairtchlár agus/nó as páipéar amháin í.

Ní cheadófar pacáistíocht (pacáistíocht díolacháin agus ghrúpáilte) as ábhair ilchodacha, mar shampla, plaistigh mheasctha nó bratuithe páipéir le plaistigh nó miotail.

Critéar dámhachtana 5.2. In-athchúrsáilteacht

Bronnfar X pointe i gcás ina léireofar go gcomhlíonann pacáistíocht díolacháin agus pacáistíocht ghrúpáilte an ceanglas maidir le hin-athchúrsáilteacht i gcomhréir le critéar 8(c) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (AE) 2023/1809 ón gCoimisiún.

Sonraíocht Theicniúil 5.3. Eolas maidir le hábhar athchúrsáilte agus in-athchúrsáilteacht ar phacáistíocht táirgí

Léireofar go soiléir ar an bpacáistíocht díolacháin cion athchúrsáilte agus in-athchúrsáilteacht na pacáistíochta díolacháin agus grúpáilte.

Fíorú:

Maidir le táirge sláinteachais ionsúiteach ar dámhadh Éicilipéad an Aontais air de réir Iarscríbhinn i a ghabhann le Cinneadh (AE) 2023/1809 ón gCoimisiún, measfar go gcomhlíonann sé an ceanglas.

Mar mhalairt air sin, dearbhóidh an tairgeoir gur deimhníodh an táirge sláinteachais ionsúiteach le scéim lipéadaithe eile arna hoibriú ag tríú páirtí lena ndeimhnítear go gcomhlíontar ceanglais choibhéiseacha Éicilipéad an Aontais [(1)].

Mura bhfuil lipéad riachtanach ná lipéad coibhéiseach ar an táirge sláinteachais ionsúiteach, ní mór modh cruthúnais coibhéiseach eile a chur ar fáil.

*[(1)] I gcás **Shonraíocht Theicniúil 5.1. agus 5.2., agus i gcás Chritéar dámhachtana 5.1., 5.2., agus 5.3.**, ciallaíonn coibhéis seiceáil ar chomhlíonadh agus a léiriú go gcomhlíonann nó go sáraíonn an phacáistíocht a úsáidtear le haghaidh na dtáirgí sláinteachais ionsúiteacha nach táirgí den Éicilipéad an Aontais iad ceanglais chritéar 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (AE) 2023/1809 ón gCoimisiún.*

*I gcás **Shonraíocht Theicniúil 5.1.**, agus é seo á scríobh (Meán Fómhair 2024), beidh FSC agus PEFC i measc na scéimeanna atá coibhéiseach cuí le scéimeanna arna n-oibriú ag tríú páirtí a sainaithníodh.*

*I gcás **Shonraíocht Theicniúil 5.2.**, agus é seo á scríobh (Meán Fómhair 2024), beidh Blue Angel DE-UZ 208 (v.3, Eanáir 2021) san áireamh i scéim arna hoibriú ag tríú páirtí atá coibhéiseach cuí.*

*I gcás **Shonraíocht Theicniúil 5.3.**, agus é seo á scríobh (Meán Fómhair 2024), níor sainaithníodh aon scéim arna hoibriú ag tríú páirtí atá coibhéiseach cuí.*

*I gcás **Chritéar dámhachtana 5.1.**, agus é seo á scríobh (Meán Fómhair 2024), níor sainaithníodh aon scéim arna hoibriú ag tríú páirtí atá coibhéiseach cuí.*

*I gcás **Chritéar dámhachtana 5.2.**, agus é seo á scríobh (Meán Fómhair 2024), i gcás pacáistíocht díolacháin, beidh Blue Angel DE-UZ 208 (v.3, Eanáir 2021) san áireamh i scéim arna hoibriú ag tríú páirtí atá coibhéiseach cuí.*

*I gcás **Chritéar dámhachtana 5.2.**, agus é seo á scríobh (Meán Fómhair 2024), níor sainaithníodh aon scéim arna hoibriú ag tríú páirtí atá coibhéiseach cuí.*

TUILLEADH ÁBHAR LÉITHEOIREACHTA

Leagadh amach an treoir phraiticiúil seo ní hamháin chun treoir a thabhairt do na húdaráis a dhámhann conarthaí poiblí maidir le critéir Éicilipéad an Aontais a úsáid trí chritéir ghlasa atá réidh le húsáid a mholadh, ach freisin chun nasc a dhéanamh le tacaíocht níos mionsonraithe, bunaithe ar an margadh agus ar an eolaíocht chun na critéir sin a roghnú ar an gcéad dul síos. Chun tuilleadh eolais a fháil faoin taighde atá taobh thiar den treoir phraiticiúil seo, féach Tuarascáil Chúlra JRC [1], chomh maith leis na tuarascálacha taighde a thacaíonn le forbairt chritéir Éicilipéad an Aontais le haghaidh táirge sláinteachais ionsúiteach, ar nós: Réamhthuarascáil [2] agus Tuarascáil Theicniúil Deiridh [3]. Chun tuilleadh eolais a fháil faoi chritéir Éicilipéad an Aontais don ghrúpa táirgí seo, iarrtar ar léitheoirí cuairt a thabhairt ar shuíomh gréasáin comhfhreagrach Ard-Stiúrthóireacht an Chomhshaoil.

TAGAIRTÍ

[1] Kowalska, M.A., Pérez-Camacho, M.N., Faraca, G., Wolf, O. Tuarascáil chúlra chuig an treoirleabhar maidir le húsáid chritéir Éicilipéad an Aontais i soláthar poiblí glas táirgí sláinteachais ionsúiteacha, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2024, doi:10.2760/293234, JRC138563.

[2] Pérez-Camacho, M. N., Faraca, G., Pérez Arribas, Z., Kowalska, M. A., Wolf, O, Sinkko, T., Tosches D., Athbhreithniú ar chritéir Éicilipéad an Aontais maidir le táirgí sláinteachais ionsúiteacha agus Cuacháin Mhíosta In-athúsáidte (táirgí sláinteachais ionsúiteacha roimhe seo), Réamhthuarascáil, Oifig na bhFodhlíthiúlachtaí, Lucsamburg, 2023, doi:10.2760/467041, JRC134703.

[3] Faraca, G., Pérez-Camacho, M.N., Lag Brotons, A., Perez Arribas, Z., Kowalska, M.A. agus Wolf, O., Athbhreithniú ar chritéir Éicilipéad an Aontais maidir le táirgí sláinteachais ionsúiteacha agus Cuacháin Mhíosta In-athúsáidte (táirgí sláinteachais ionsúiteacha roimhe seo), Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2023, doi:10.2760/209936, JRC134197.

[4] CE, 2023. Cinneadh (AE) 2023/1809 ón gCoimisiún an 14 Meán Fómhair 2023 lena mbunaítear critéir Éicilipéad an Aontais maidir le táirgí ionsúiteacha sláinteachais agus cuacháin mhíosta in-athúsáidte. IO L 234, 22.9.2023, lgh. 142-189.

[5] Blue Angel DE-UZ 208. Clúidíní, táirgí sláinteachais do mhná agus táirgí neamhchoinneálachta atá neamhdhíobhálach don chomhshaol (táirgí sláinteachais ionsúiteacha, TSI) - DE-UZ 208, Bunchritéir dhámhachtana, Eanáir 2021, leagan 3, le fáil ag: https://www.blauer-engel.de/en/productworld/nappies-feminine-hygiene-and-incontinence-products.

[6] Éicilipéadú Nordach le haghaidh Táirgí Sláintíochta, Leagan 6.9. 14 Meitheamh 2016 - 31 Nollaig 2025, le fáil ag: https://api.svanemaerket.dk/api/docs/CriteriaDocumentFiles/7444.

SÉANADH NÓ SONRAÍ DEIRIDH EILE

Go ginearálta, is féidir na critéir seo a chóipeáil agus a ghreamú isteach i nglaonna ar thairiscintí fad is atá ábhar an chonartha ábhartha. Ba chóir a bheith cúramach nach ndéanann na critéir seo idirdhealú in aghaidh táirgí eile. Chun é sin a sheachaint, ba cheart an t-ábhar a shainmhíniú go soiléir mar tháirge ionsúiteach sláinteachais.

Is féidir comhlíonadh na gcritéar a mholtar anseo a chinntiú trí tháirgí ionsúiteacha sláinteachais ábhartha a bhfuil Éicilipéad an Aontais orthu. I gcásanna áirithe, d'fhéadfaí lipéid eile a mheas mar chruthúnas ar chomhlíontacht freisin, ach d'fhéadfadh sé sin athrú le himeacht ama de réir mar a thugtar critéir le haghaidh éicilipéid eile cothrom le dáta. i ngach cás, ní mór modh coibhéiseach cruthúnais a chur san áireamh i gcás táirgí nach bhfuil aon lipéad orthu.

Is féidir le soláthróirí na héicilipéid thuasluaite agus mholta a éileamh mar mhodh cruthúnais go gcomhlíonann na hoibreacha, na seirbhísí nó na soláthairtí foirmliú beartaithe chritéir SPG an Aontais. De bhun Airteagal 43 de Threoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE, beidh saoirse i gcónaí ag soláthróirí aon Éicilipéad eile a mheasúnú agus/nó a úsáid tuilleadh mar mhodh cruthúnais.

CÓIPCHEART

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024
© An tAontas Eorpach, 2024, seachas íomhánna ar an leathanach cumhdaigh: foinse:
© stock.adobe.com agus © Freepik agus codanna d'íomhánna i bhFíor 1, foinse:
© Flaticon.com.

SONRAÍ TEAGMHÁLA

JRC-B5-ABSORBENT-HYGIENE-PRODUCTS@ec.europa.eu

JRC138564

PDF ISBN 978-92-68-22450-2 doi:10.2760/5117528 KJ-01-24-020-GA-N

Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh